Putin ina uachtarán arís

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi Uachtarán na Rúise.
Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cad atá ar eolas agat faoin Uachtarán Vladimir Putin?
Cén bhliain ar tháinig deireadh leis an Aontas Sóivéadach agus cén fáth?
An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi ghnásanna mhuintir na Rúise?
Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar an Rúis? Cén fáth?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail agus na frásaí seo a aimsiú agus tú ag féachaint uirthi. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

1. unfair _____
2. unjust _____
3. favourable to _____
4. for the third time _____
5. an open and honest fight _____
6. at all _____
7. his rivals / opponents _____
8. state resources _____
9. to support _____
10. corruption allegations _____
11. opposition _____
12. they were not as excited _____
13. protesting against Putin's control _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cad atá le rá ag na dreamanna agus na daoine seo a leanas sa tuairisc?

(i) Lucht faire idirnáisiúnta
(ii) Vladimir Putin é féin
(iii) Lucht an fhreasúra

2. Cén fáth a bhfuil na sluaite ag léirsiú sna príomhchathracha?

3. An bhfuil na léirsitheoirí chomh tógtha is a bhí siad cúpla seachtain ó shin?

Ceist 4 'leatromach' agus 'éagórach'

(a) An aidiachtaí nó ainmfhocail iad na samplaí thuas? Cén dóigh a bhfuil a fhios agat?

(b) Déan aidiachtaí as na hainmfhocail seo thíos. An féidir leat aon phatrún a fheiceáil?

tubaiste:	tubaisteach, níos tubaistí, is tubaistí
suim:	_____
Éire:	_____
dúshlán:	_____
eisceacht:	_____
dainséar:	_____
béas:	_____
tábhacht:	_____

(c) Anois, cuir 'níos' agus 'is' roimh na haidiachtaí a chruthaíonn tú agus déan cibé athrú is gá. Tá an chéad cheann déanta mar shampla.

(d) Cad faoi chéimeanna comparáide na n-aidiachtaí seo a leanas?

beag, breá, álainn, mór, fada, leathan, maith, te, saibhir, ramhar, gearr, dian, agus olc.

Ceist 5 '*go bhfiosrófaí*' agus '*go reachtófaí*'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail sa chló iodálach thuas? Pléigh leis an duine in aice leat iad. Mura bhfuil sibh cinnte cabhróidh an teagascóir libh.

Anois cuir Gaeilge ar na habairtí Béarla thíos:

(1) The committee members would meet tomorrow if a time were settled.

(2) He said he'd go if he were given money.

(3) I'd love it if I were bought a really expensive present.

(4) She hoped that the letter would be received soon.

(5) The house should be cleaned before lunch tomorrow.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula gcuirtear an tuairisc ar siúl nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2
Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt nuair atá an tuairisc á taispeáint.

1. unfair	*éagórach*
2. unjust	*leatromach*
3. favourable to	*fabhrach do*
4. for the third time	*don tríú huair*
5. an open and honest fight	*cath oscailte agus ionraic*
6. at all	*beag nó mór*
7. his rivals / opponents	*a chéilí comhraic*
8. state resources	*acmhainní stáit*
9. to support	*le tacú*
10. corruption allegations	*líomhaintí caimiléireachta*
11. opposition	*lucht an fhreasúra*
12. they were not as excited	*ní raibh an fíbín céanna fúthu*
13. protesting against Putin's control	*ag léirsiú in aghaidh urlámhas Vladimir Putin*

Ceist 3

(1) **Lucht faire idirnáisiúnta**: Deir siadsan gur toghchán leatromach agus éagórach a bhí ann agus go raibh fabhar ag Vladimir Putin nach raibh ag a chéilí comhraic sna meáin agus gur baineadh leas as acmhainní stáit ar leibhéal réigiúnach le tacú lena fheachtas.
Vladimir Putin: Deir sé gur cath oscailte agus ionraic a bhí ann agus go bhfiosrófaí na líomhaintí caimiléireachta ar fad atá curtha ina leith.
Lucht an fhreasúra: Deir siad nach leor go bhfiosrófaí na líomhaintí caimiléireachta agus go bhfuil siad ag iarraidh go reachtófaí toghchán eile as an nua.

(2) Lena míshástacht a léiriú faoi thoradh na hoíche aréir.

(3) Níl, ní raibh an fíbín céanna fúthu an uair seo is a bhí uaireanta eile agus iad ag léirsiú in aghaidh urlámhas Vladimir Putin.

Ceist 4
(a) Is aidiachtaí iad.
(b) agus (c)

tubaiste:	*tubaisteach / níos tubaistí / is tubaistí*
suim:	*suimiúil / níos suimiúla / is suimiúla*
Éire:	*Éireannach / níos Éireannaí / is Éireannaí*
dúshlán:	*dúshlánach / níos dúshlánaí / is dúshlánaí*
eisceacht:	*eisceachtúil / níos eisceachtúla / is eisceachtúla*
dainséar:	*dainséarach / níos dainséaraí / is dainséaraí*
béas:	*béasach / níos béasaí / is béasaí*
tábhacht:	*tábhachtach/ níos tábhachtaí / is tábhachtaí*

(d)
beag / níos lú / is lú
breá / níos breátha / is breátha
álainn / níos áille / is áille
mór / níos mó / is mó
fada / níos faide / is faide
leathan / níos leithne / is leithne
maith / níos fearr / is fearr
te / níos teo / is teo
saibhir / níos saibhre / is saibhre
ramhar / níos raimhre / is raimhre
gearr / níos giorra / is giorra
dian / níos déine / is déine
olc / níos measa / is measa

Ceist 5
An modh coinníollach (briathar saor) atá i gceist.

(1) Thiocfadh baill an choiste le chéile amárach dá socrófaí am.
(2) Dúirt sé go rachadh sé dá dtabharfaí airgead dó.
(3) Ba bhreá liom é dá gceannófaí bronntanas an-daor dom.
(4) Bhí súil aici go bhfaighfí an litir gan mhoill.
(5) Ba cheart go nglanfaí an teach roimh am lóin amárach.

Eimear Ní Chonaola

Sa Rúis, tá sé ráite ag lucht faire idirnáisiúnta go raibh toghchán na huachtaránachta éagórach agus leatromach, agus fabhrach do Vladimir Putin a fuair seasca a ceathair faoin gcéad den vóta. Téarma amháin a chaith Vladimir Putin ina Phríomh-Aire ar an tír ach beidh sé anois ina Uachtarán don tríú huair.

Deora le súile Vladimir Putin agus é ag caint leis na mílte a bhailigh sa Chreimil i Moscó aréir. Dúirt sé go mba chath oscailte agus ionraic a bhí ann ach ní aontaíonn lucht faire idirnáisiúnta beag nó mór leis sin. Agus, dúirt siadsan go mba[1] thoghchán leatromach agus éagórach a bhí ann. Dúirt siad go raibh fabhar ag Vladimir Putin nach raibh ag a chéilí comhraic sna meáin agus gur baineadh leas as acmhainní stáit ar leibhéal réigiúnach le tacú lena fheachtas.

Níos luaithe inniu gheall Vladimir Putin dá chéilí comhraic go bhfiosrófaí na líomhaintí caimiléireachta ar fad. Ach ní leor sin do lucht an fhreasúra atá ag iarraidh go reachtófaí toghchán eile as an nua. Bhailigh daoine i Moscó agus in St. Petersburg lena míshástacht a léiriú faoi thoradh na hoíche aréir, ach ní raibh an fíbín céanna fúthu an uair seo is a bhí uaireanta eile agus iad ag léirsiú in aghaidh urlámhas Vladimir Putin.

[1] Is ionann *go mba* agus *gur*